

Aisíocaíocht ar Chánacha a íocadh i leith Dáiltí CSC

Foirm éilimh le comhlánú ag éilitheoir neamhchónaitheach



Ba chóir an fhoirm a chur ar ais trí M'Fhiosruithe.

UPSP

Ainm

Seoladh

Dáta Breithe

Tír Bhreithe

Cén tír ina bhfuil tú i do chónaí?

An dáta a tháinig tú de bheith cónaitheach sa tír sin

An dáta ar a ndearnadh do chiste scoir a infheistiú i gCiste Scoir Ceadaithe (CSC)

Tabhair ainm, seoladh agus sonraí teagmhála Bhainisteoir an Chiste Cháilithigh atá freagrach as na dualgais uile a bhaineann leis an CSC (Alt 784 den ACC)

Ainm

Seoladh

Sonraí Teagmhála

Tabhair uimhir an pholasaí agus ainm na hOifige Árachais Saoil / an tSoláthraí nó ainm agus uimhir tagartha cánach na scéime

Uimhir an pholasaí

Ainm na hOifige Árachais Saoil / an tSoláthraí

NÓ
Ainm na scéime

Uimhir tagartha cánach

Cén bhliain a d'eascair an t-ioncam seo

Deimhnigh gur chuir Bainisteoir an Chiste Cháilithigh miondealú iomlán ar dháileadh ioncaim, gnóthachan agus caipitil ar fáil*

Chuir Níor
chuir

*meastar go bhfuil foirmeacha éilimh a thíolactar gan miondealú iomlán ar ghnéithe an dáilte ioncaim neamhbhailí agus cuirfear ar ais iad gan iad a phróiseáil. Féach na nótaí treorach thíos.

Le comhlánú ag na húdaráis chánach i dtír do chónaitheachta

Beidh an fhoirm stampáilte seo bailí ar feadh 5 bliana, ach amháin má athraíonn do sheoladh neamhchónaitheach.

Deimhním go bhfuil / raibh cónaí ar an duine thuasluaite in _____ ar feadh na mblianta cánach (sonraigh na blianta) _____ agus go bhfuil an t-ioncam lena mbaineann an t-éileamh seo

faoi réir cánach faoin uimhir tagartha cánach _____

Sínithe: _____ Grád: _____ Dáta: / /

[Stampa Oifigiúil](#)

Sonraí an chuntais bainc le haghaidh aisíocaíochta (in Euro) d'éilimh neamhchónaitheoirí

Ainm an éilitheora:

Sonraí cuntais bainc:

IBAN (34 carachtar ar a mhéad)

BIC (11 charachtar ar a mhéad)

Cé a fhéadann éileamh a dhéanamh:

Féadfaidh sé go mbeidh úinéirí CSC, CCSP dílsithe agus CSÍF nach bhfuil cónaitheach in Éirinn faoi réir cánachais ar an ioncam seo in Éirinn agus ina dtír chónaitheachta araon agus féadfaidh sé go mbeidh faoiseamh cánach ar fáil ina dhiaidh sin faoi théarmaí Comhaontaithe um Chánachas Dúbailte (CCD).

Le suim an fhaoisimh atá dlite a dheimhniú, ní mór don cháiniócoir eolas a chur ar fáil ina sonraítear an chaoi ar eascair an t-ioncam taobh istigh den CSC, lena n-áirítear an dáta a d'eascair an t-ioncam. Nuair a bhrítear an dáileadh síos ina chomhchodanna (amhail ioncam ó ús, ioncam ó dhíbhinní, fáltas caipitil, srl.), ba chóir scrúdú a dhéanamh ar gach chuid le deimhniú an bhfuil faoiseamh CCD ar fáil faoi airteagail éagsúla an chomhaontaithe leis an tír chónaitheachta. Dá réir sin, féadfaidh sé go mbeidh aisíocaíochtaí cánach Éireannaí iomlána nó páirteacha a asbhaineadh faoi ÍMAT dlite do na cáiniócoirí sin. I gcás íocaíocht a dhéantar ó chiste measctha, deimhnítear sa chásdlí go gcaitear le hioncam agus gnóthachain na bliana mar íochta amach ar dtús, agus caitear le haon suim a íocadh amach a sháraíonn ioncam agus gnóthachain na bliana sin mar aisíoc caipitil.

Nótaí ar thuilleadh doiciméad don éileamh:

Is éard atá i gceist le Ciste Scoir Ceadaithe (CSC) ná ciste atá bainistithe ag Bainisteoir Ciste Cháilithigh. I cás dáilte a íoctar ó CSC sa bhliain, ní mór do Bhainisteoir an Chiste Cháilithigh miondealú mionsonraithe a chur ar fáil de na bun-idirbhearta arb ionann iad agus an dáileadh sin. Eascraíonn dáiltí ó "ioncam agus/nó gnóthachain" nó ó fháltas den chaipiteal bunaidh. Ní mór é seo a chur ar fáil i ráiteas arna ullmhú ag Bainisteoir an Chiste Cháilithigh chun go bhféadtar éileamh ar aisíocaíocht cánacha Éireannaí ar CSC ag duine aonair neamhchónaitheach a phróiseáil.

Cistí aonadnasctha:

Tá roinnt táirgí CSC ann á ndíol ag cuideachtaí árachais saoil a bhfuil struchtúr ciste aonadnasctha acu ina ndéanann an duine aonair an pota pinsin a infheistiú i gciste comhthiomsaithe agus go bhfuil aonaid acu sa chiste sin. Sna cásanna seo, níl ann ach go bhfuil scair den chiste sin ag an úinéir CSC, is é sin na haonaid; ní úinéir tairbhiúil na mbunsócmháinní sa chiste sin an t-úinéir. Glacann na Coimisinéirí Ioncaim nach bhfuil sé ceart buncharnadh an ioncaim taobh istigh den chiste aonadnasctha a bhriseadh síos agus a chur ar fáil mar thacaíocht leis an éileamh aisíocaíochta. Dá réir sin, is é an t-ioncam agus/nó gnóthachain a eascraítear ó na haonaid nó ó dhiúscairt na n-aonad arb ionann iad agus an dáileadh a eascraítear, ar an gcaoi céanna le sealbhóir aonair ar aonad.

Teorainn Ama:

Tá teorainn ann ar an achar ama a fhéadtar dul siar le haisíocaíochtaí cánach a íoctar ar dháiltí CSC a éileamh. Tá an teorainn seo faoi réir na rialach ceithre bliana, rud a chiallaíonn nach bhféadtar athbhreithnithe a iarraidh nó aisíocaíochtaí a éileamh ach amháin do na ceithre bliana dheireanacha. Mar shampla, ní mór éilimh i leith 2017 a dhéanamh faoin 31 Nollaig 2021. Ní fhéadtar éilimh a dhéantar i ndiaidh an ama seo a aisíoc.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcrúachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Deartha ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim